



## Droichead - Spriocanna a leagan amach - Iar-bhunscoil

### Sracfhéachaint

*“Tugtar le fios i ndea-chleachtas gur cheart go mbeadh líon íseal spriocanna ann. Ba cheart go ndéanfaidh riachtanais foghlama tosaíochta eolas dóibh agus ba cheart go mbeadh siad nasctha go díreach le hidirghabhálacha cuí. Ba cheart go mbeadh na spriocanna bunaithe ar an bhfianaise a bailíodh trí na cuir chuige fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta araon.”*

(NCSE, 2017)

### Beagán níos mó Faisnéise

Ba cheart go mbeadh na tréithe seo a leanas ag na spriocanna:

- Ba chóir spriocanna SIIAU a úsáid (Sonrach, Intomhaiste, Indéanta, Ábhartha agus Uainithe)
- Breathnaigh thart chun éascaíocht a dhéanamh ar mhonatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn
- Cuir le láidreachtaí agus spéiseanna na scoláirí
- Léirigh na riachtanais oideachais ar leith atá ag na scoláirí
- Cuir réamheolas na scoláirí chun cinn

(NCSE, 2017)

### Spriocanna CBC

Cuimsítear leis na spriocanna a scríobhtar trí mhodh CBC a úsáid, tagairt do **Coinníoll, Iompar agus Critéar (CBC)**.

- **Coinníoll:** Cé na coinníollacha faoina dtarlóidh an t-iompar (timpeallacht, trealamh, acmhainní, uirlisí, straitéisí feidhmíochta).
- **Iompar:** An gníomh a dhéanfaidh an scoláire (déan cur síos, scríobh, achoimrigh).
- **Critéar:** Cén chaoi a mbeidh a fhios ag an múinteoir nuair a bheidh an sprioc bainte amach (leibhéal cúnaimh, céatadán atá ceart, teorannacha ama).



## Spriocanna samplacha

- Nuair a thugtar liosta príomhfhocal don scoláire (**coinníoll**) cuirfidh an scoláire iad (**iompar**) leis an sainmhíniú ceart agus cruinneas 70% a bhaint amach (**critéar**).
- Agus áireamhán in úsáid (**coinníoll**) ríomhfaidh an scoláire cé mhéad a ghearrfar air ach 4/5 rud a cheannach ar thuras siopadóireachta (**iompar**) agus cruinneas 75% a bhaint amach (**critéar**).
- Déanfaidh an scoláire comparáid (**iompar**) idir dhá dhán (**coinníoll**) agus luafaidh sé dhá chosúlacht agus dhá dhifríocht eatarthu ar a laghad (**critéar**).
- Cuirfidh an scoláire a lámh in airde (**iompar**) gan glaoch amach 3 as 4 uaire (**critéar**) le linn na díospóireachtaí ranga uile a bheith ar siúl (**coinníoll**).
- Léifidh an scoláire alt (**iompar**) ó théacs leibhéal 3 (**coinníoll**) agus cruinneas de 90% a bhaint amach (**critéar**).
- Agus scéal á athinsint ag an scoláire (**coinníoll agus iompar**) sainaitheoidh an scoláire 3 imeacht ar a laghad sa ghníomhaíocht réamhbhuaice, sa phríomhchoimhlint agus i réiteach an scéil (**critéar**).

## Cén chaoi chun Monatóireacht a Dhéanamh ar Dhul Chun Cinn

Ní mór monatóireacht agus taifead a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí chun a spriocanna a bhaint amach. Tá roinnt bealaí ann chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn amhail:

- Téacsanna caighdeánaithe
- Scrúduithe a dhearann an múinteoir
- Seicliostaí
- Samplaí den obair
- Breathnuithe an mhúinteora
- Tuarascálacha ó mhúinteoirí ábhair/ó chinn bhliana
- Taifead tinrimh
- Taifead iompair





- Agallamh le scoláire

(NCSE, 2017)

## Tuilleadh Faisnéise

Is é *Ag Tacú le Scoláirí ag a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais* (CNOS, 2017) a chuireann treoraíocht ar fáil maidir leis an bpróiseas (lena mbaineann trí chéim) chun tacú leis an scoláire ag a bhfuil riachtanais speisialta oideachais.

Is é *an Leanúntas Tacaíochta d'Iar-Bhunscoileanna – Treoirínite do Mhúinteoirí* (NEPS, 2010) a chuireann forléargas cuimsitheach ar fáil maidir le riachtanais a shainithint agus idirghabhálacha a fhorbairt agus a mheas chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais chéanna ar aon dul leis an áit a bhfuil siad ar leanúntas ó éadrom go géar agus ó neamhbhuan go dtí leanúnach.

Sonraítear i g*Cuimsiú Scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu - Treoirínite Iar-Bhunscoile* (ROS, 2007) treoraíocht ar leith maidir le pleanáil ar leibhéal na scoile uile agus don scoláire aonair.

Cuirtear treoir ar fáil sna *Treoirínite* maidir le *Próiseas an Phlean Oideachais don Duine Aonair* (CNOS, 2006) de chuid na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS), treoir, maidir le dea-chleachtas chun pleananna oideachais atá saincheaptha don duine aonair a ullmhú, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú (CSPanna/CSPManna).

An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS, 2010) *Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta Contanam Tacaíochta – Leanúntas Tacaíochta*: Cuirtear moltaí agus tacaíocht phraiticiúil ar fáil do mhúinteoirí sna *Treoirínite do Mhúinteoirí* chun freastal ar riachtanais na ndaltaí ag a bhfuil deacrachtaí iompraíochta, mothúchánacha agus sóisialta.

